Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Do h-imríoḃ cluiċe gailf faoi ċoimirce Ċomórtas na Contae idir Cumann Ros na mBeann (Rosapenna) agus Lios Feannáin in aice le Bun Crána — agus cluiċe-scoilte a ḃí ann. Tugaḋ aíoċt ar ḋóiġ do ḃunaḋ Ros Goill insan Óstán Central — i mBun Crána. Ba iad seo a ḃí páirteaċ ar son an ċeantair:— Pádraig agus Colm de Baoise (deartáireaċa), Liam Mac Meanaman, Ruairí Ó Gallċoḃair, Pádraig Sáirséal, Caṫal Mac Giolla Ḃríde, Deiric Mac Maṫúna, Liam Daiḃidson agus Seosaṁ Ó Doċartaiġ (ina ċaptaen neaṁ-imearta).

D'éag Máiréad Uilcinson, as na Sea View Villas, Ros na mBeann, ar an tseaċtain seo ċuaiġ ṫart, i gcionn na gceiṫre-scór-go-leiṫ di. Cuireaḋ an corp i reilig Eaglaise na hÉireann i gCarraig Airt ar an 23ú inst. Níṫear comḃrón le n-a gaolta; Leaslaoi Lúcas (file agus stairí-áitiúil) den tseolaḋ ċéanna, Deasún agus Norman Uilcinson (Coventry), triúr de ċlanna-deirfiúraċ, agus F. S. A. Bean Uí Ṁaṫúna, as Béal Feirste (níon-ḋearṫar) agus a lán daoine muintearṫa ón Ṁaol Rua ċun an Ċraoslaiġ.

Tá Cumann Dornálaíoċta na nDaltaí Scoile i gCarraig Airt ag dul ċun cinn go gléigeal—de ṫoraḋ na gcomórtaisí a tionólaḋ i gCéard-scoil Ḃaile na nGallóglaċ (Milford) ar na mallaiḃ. Tugaḋ trí ḃonn ċré-uṁa ċun an ḃaile — Dónall de Baoise, Ciarán Prendergast agus Niall S. Ó Coileáin, le cois 'lua-molta' do Ṡéamus Ó Beoċáin, Aoḋ Ó Gallċoḃair agus Seán de Baoise (as an Tulaċ).

Tá biseaċ breá ag teaċt ar ṡúil ċlé Aoiḋ Uí Luaḋoiġ, as an Leargan Riaċ, ó gortaíoḋ í le slisín adṁaid cúpla seaċtain ó ṡin agus é ag obair ag an ḃunga-ló ins na Dúnaiḃ.

Dé Doṁnaiġ seo a ċuaiġ ṫart, ṫáinig scaifte mór de oifigiġ-eaḃlaiġ Ṁeiriceá (a ḃfuil bun-ċampaí acu i gContae Ḋoire). Ṫáinig trí scór go leiṫ acu anseo go Ros Goill, an áit a raiḃ lón an ṁeánlae acu in Óstán Ċarraig Airt agus béile na h-iarnóna i bPort na Bláṫaí — i ndiaiḋ a ḋul ṫart ar Ċúrsa na Farraige agus go barr Ċorrán Binne idir an dá linn.

Tig na céadta cuairteoirí as tíorṫa i gcéin anseo go Ros Goill, idir Ċarraig Airt, Ros na mBeann agus na Dúine. Níl-ṫear sásta nó leaṫṡásta naċ ḃféadtar cosc a ċur ar an ṗlá de mná-déirce as Connaċta, fá n-a gcuid táċrán faoi na seálta leo, a ṫig ċugainn gaċ samraḋ — i ngluaisteáin móra troma maille le gléas campála costasaċ fiúntaċ, leḋ' ṫoil! Crá croí do luċt gnoṫa na mbailteaċ seo, na bacaiġ céanna — agus ó'n díol déirce aon duine acu: iad óg, urrúnta, éasca — aċ gan fonn ar biṫ oibre orṫu, má ḟaigeann siad coṫú in aisce.

Ní ḃeiḋ Carraig Airt imeasc "Bailte Innealta" na tíre seo ḟad 's tá an ḟaiċe atá ṫart fá leaċt-ċuiṁneaċáin Ṫiarna Liaṫ-droma fágta coṁ baṫlaċ neam-artaċ sin, gan cúram gan ċoimeád—faoi plá néantóg ina láiṫreán bruscair agus buidéal briste.

An ċéad ḃraċaill a léim ċun farraige ó ḃarr na cé ins na Dúnaiḃ maidin Doṁnaiġ aṁáin i dtús na Bealtaine i mbliana, ba é Éadán Mac Páidín a rinne é— mac de Seac atá ina ṗríoṁoide i nDoire Ċasáin.

Táṫar iontaċ ṫart fá seo go ḃfuil an Rialtas ar tí cosc a ċur leis an ċaiṫeaṁ-airgid ċreaṫnaċ a ḃí ag dul ar aġaiḋ le linn an "bingo craze" a ḃí i réim i riṫ an ġeiṁriḋ.

Tá fáilte, fosta, roiṁ an ḃus mór nua a ḃéas ag gluaiseaċt ó Ḋoire Ċolmcille ċun na nDúine gaċ Doṁnaċ i riṫ ṡéasúir cuairteoireaċta an tsaṁraiḋ. Leyland-Tiger atá insan ċóir-iompair ġalánta seo, suíoċáin do ḋaiċead daoine, agus sé Pádraig Ó Baoill, as Doire, a ḃeas á ṫiomáint agus callaire-miocra-fóin aige á insint don luċt taistil fá áiteaċa stairiúla ar fud an bealaiġ. Dé Doṁnaiġ, an 30ú Bealtaine, a ṫáinig an ċéad ḃus.

Ḃí oiliṫreaċt go Scrín an Ċnoic i gCo. Ṁuigeo an Doṁnaċ céanna, agus d'ḟág an bus na Dúine ar an 7.00 a.m. agus ḃí sé indiaiḋ an ṁeánoíċe ag teaċt ar-ais dóiḃ. Seonaí Beirní a ḃí i mbun an turais agus a ḋeartáir-céile, Anton Ó Cadla, a ṫiomáin an bus eile ó Ḃaile na nGallóglaċ (Milford).

Tá dabaċ-bóṫair de ċuid mon-arcan bainne Ṁuintir Nestles, i Leitirceanainn, ag dul ṫart gaċ aon lá anois bealaċ Ċarraig Airt agus an Ċraoslaiġ ag tóg-áil bainne ó na feirmeoirí — ar idir 1s. 10d. agus 2s. and galún. Faoi Ċoiste Talṁaíoċta Ṫír Conaill atá an scéim seo agus sé an tUasal Ó Guiní, B.Agr. atá ina ḃun fá seo.

Ó aṫṁaidin Dé Doṁnaiġ seo, a ċuaiġ ṫart ḃí timpeall ar ṫrioċa lán-ġluaisteáin de ċuairteoirí-lae as Doire agus Tír Eoġain agus, an Lagán le feiceáil ag déanaṁ cóisir faoin aer, picnic ag gaċ scaifte acu, ar na méilte bána ċois an tsean ċeart-taistil os coinne amaċ an Rosapenna Golf Hotel. Ba ḃeag a ḃí ḟios ag na créatúir go ḃfuil an mór-ċuid den Ṫrá Ḃeag seo ceannaiṫe ag an Ġall agus naċ fada go ḃfeicfear tranglam de ṡreanga-dealgaċa in airde idir an bealaċ-mór agus imeall na farraige — gan ċead ag an Ġael lorg a ċoise a ḟágáil ar an ġaineaṁ ann . . . mar deir an sean-ḟocal: "d'imiġ siúd agus ṫáinig seo!"

Ḃí aimsir ṁeascṫa againn le cúpla seaċtaine, idir gálaí, gaoiṫe-móire agus ceaṫanna tóirní — "bailc na gcarn-aoileaċ" mar ṫugaḋ na seandaoine orṫu: cionn is go níonn siad amaċ lorg an aoiliġ! Ní ḋearnaḋ mórán doċain do na barra aċ cuireaḋ moill ċreaṫnaċ ar ḃaint na móna — is beag duine a ḃfuil a ḋaṫ déanta aige ar an ṗortaċ go fóill amaċ ó na baċtaí a ḃeiṫ liomṫa aige, b'ḟéidir. Agus, de réir ċuma, beiḋ tuilleaḋ de na feirmeoirí ċois an ċladaiġ ag déanaṁ aiṫrise ar an ṁuintir a stad den streaċailt ṡé míle suas go Cnoc Ṁín a' Ċú agus atá den ḃarúil le cúpla bliain anuas gur saoire i ḃfad lán leoraí de ṁóin ṁaiṫ duḃ a ċeannaċ ó ḃunaḋ Gaoṫ Doḃair ar ṫart fá ṫrí ṗunta ḋéag.

Ag feadáil

Bean Uí Ṁóra (le gasúr an ḃacaera): Naċ ḃfuil ḟios agat naċ dein múineaḋ é ḃeiṫ ag feadáil i láṫair na mná uaisle?

Gasúr: Níl mé ag déanaṁ aċ an rud a d'iarr mo ṁáistir orm.

Bean Uí Ṁóra: Tá tú ag rá gur iarr sé ort toiseaċt ag feadáil anseo?

Gasúr: Is ea cinnte, a ḃean ċóir. Dúirt sé dá ndíolaimís rud ar biṫ leatsa 'riaṁ go gcaiṫfimís feadáil fá ċoinne an airgid!

Crá Croí

Síneád: An ḃfeiceann tú an fear óg sin ṫall ag crá Ṡíle?

Séamus: Conas sin? Níl sé fiú aṁáin, ag féaċaint uirṫi.

Síneád: Aċ sin díreaċ mar tá sé á crá!

Gaoṫ Doḃair

Tá Nuala Bean Ṁic Cuṁaill, iníon do Seán Mac Páidín, agus Bean Ṁic Páidín. Bunbeag, agus a beirt iníonaċ, indiaiḋ teaċt na ḃaile óna Stáit Aontaiṫe ar saoire. Ḃí Bean Ṁic Cuṁaill ag teagasc in Scoil Náisiúnta Cnoc a' Stolaire sula ndeaċa sí go dtí na Stáit Aontaiṫe.

Tá cúrsaí iascaireaċta níos fearr ar Aḃainn Ċroiṫlí le seaċtain anuas, agus tógaḋ roinnt ṁaiṫ bradáin ó 10 bpunnta go dtí 14 punt, ar an ċladaí. Tógaḋ roinnt maiṫ malaí breac ó Loċ Caol coṁ maiṫ.

Easba Airgid do Gairmoideaċais i dTírċonaill

Tá an Roinn leis an deontas speisialta £44,000 a árdú go dtí £80,000 i mbliana, aċ mar sin ḟéin, beiḋ Coiste Gairm-Oideaċas Ḋún na nGall £20,000 i ḃfiaċa ag deireaḋ na bliana. Sin é aduirt M. S. Ó Cradain ag cruinniú den ċoiste i Lifear.

Cé go raiḃ siad buíoċ don Roinn as an deontas, muna dtaḃ-arfaí deontas i ḃfad níos mó, beaḋ droċ ċaoi ar an ċoiste ó ṫaoḃ airgeadais.

Dúirt T. P. Ó Niaiḋ, Leitir Ceanainn, gur ċeart cás ar leiṫ a ḋéanaṁ don Roinn ag taispeáint ċoṁ h-olc agus a ḃí an scéal ag an ċoiste, agus gur ċeart deontas níos mó a ṫaḃairt.

Feis Gleann Caisleáin

Ḃí an feis bliantúil i nGleann Caisleán Dé Doṁnaiġ seo caiṫe agus d'éiriġ go h-íontaċ maiṫ leis. Ḃí slua maiṫ i láṫair agus ba ṁaiṫ an caiṫeaṁ aimsire tráṫnóna ann do ḋaoine fásta ⁊ páistí.

Seo na torṫaí:

Aiṫriseoireaċt faoi 14. Ḃalerie Ní Ṁurċú, Béal an Ṁuirṫid, agus D. Mac Ruaiḋri.

Aiṫriseoireaċt faoi 9 — Máire Ní Ċeallaiġ, agus Máiréad Nic Cuṁaill.

Damsa, faoi 9 (ríl) — Maeḋḃ Carrabine agus Tomás Ó Raġallaiġ.

Damsa, faoi 9 (sig) — Treasa Ní Ṫoċair, agus Seosaimín Ní Ṫoċair.

Ríl triúr — Maeḋḃ Carrabine, Tomás Ó Raġallaiġ agus Seosaimín Ní Ṫoċair.

Ríl, faoi 14 — Máiréad Lallaiġ, Béal an Ṁuirṫid; 2, Tomás Ó Conċuḃair, Gleann Caisleán.

Cor, faoi 14 — Máiréad Lallaiġ, Béal an Ṁuirṫid; 2, M. S. Ní Geaġráin agus Caitlín Bairéad.

Craoḃ na Sóiséar — 1, Máiréad Lallaiġ, Béal an Ṁuirṫid; 2, C. Bairéad, Gleann Caisleán.

Ríl triúr — Béal an Ṁuirṫid.

Ríl ceaṫrar — Gleann Ċaisleán.

Damsa, ós cionn 14:

Ríl — C. Ní Ṡiorradáin; Lúsaí Bradlaiġ.

Cor — 1, Lúsaí Bradlaiġ; 2, Caitlín Ní Ṡiorradáin.

An Craoḃ Sinsear — 1, Lúsaí Bradlaiġ; 2, Máiréad Nic Éil.

Inis Fraoiċ

Cúis bróin ar an oileán agus ṫart timpeall an scéala gur éag Minnie Ní Ḋoṁnaill, ag a tiġ cónaí féin in Inis Fraoiċ. Ní raiḃ an tsláinte go ró ṁaiṫ aici le tamall anuas. Ċaiṫ sí a saol uiliġ san ċeantar, agus ḃí sí 80 bliain d'aois nuair a fuair sí bás. Ċuaiġ tórraṁ mór léi go dtí reilig an Ċloċáin Léiṫ, an áit ar ḋúirt an tAṫair Mac Giolla Ċearra, S.C., na paidreaċa ag an uaiġ.

Caṫaoirleaċ Coiste Garmoideaċais

D'éiriġ an Monsignor Tomás Ó Maolṁuaiḋ, D.Ph., S.P., An Cloċán Liaṫ, as a ḃeiṫ ina ċaṫaoirleaċ ar ċoiste Gairmoideaċas Ḋún na nGall. agus ḃí buaireaṁ agus brón ar na baill uiliġ ag an ċruinniú Dé Máirt. In ainneoin aċaine a rinne na baill go léir agus an molaḋ a ṫug sé dá ċuid oibre do ċúrsaí oideaċais, ḋiúltaiġ an Monsignor Ó Maolḃuaiḋ a ḃreiṫ a aṫrú, agus ṫug sé suas post an Ċaṫaoirliġ. Ḃí an Monsignor ina ḃall den ċoiste le 35 bliana, agus ar feaḋ an ama sin, ḃí sé ina ċionn tsioċar le cuid mór den dul ċun cinn i gcúrsaí oideaċais san ċondae.

Ṫug na baill go léir molaḋ dó, agus d'aontaiġ an Príoṁ-Oifigeaċ, M. S. Ó Cradain. leo. Dúirt siad go léir go raiḃ brón orṫa go raiḃ sé ag éirí as. Ceapaḋ an Canónaċ D. S. Ó Fioḋaḃra, D.Ph., S.P., Na Gleanntaí, ina ċaṫaoirleaċ.

GUINNESS
-SIN DEOCH AGUS
TUILLEADH
!

GD325A